Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14505/1/23**
**REV 1**

**CES 49**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag an Rómáin, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<br>– Glacadh |

1. I litir[1] dar dáta an 13 Márta 2023, chuir Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) in iúl don Chomhairle gur éirigh Cristian Mihai ENESCU as mar chomhalta de CESE.

2. I litir[2] dar dáta an 13 Meán Fómhair 2023, mhol Rialtas na Rómáine Corina-Andreea MURAFA-BENGA, *Expert afiliat, Centrul pentru Studiul Democrației* (Saineolaí Cleamhnaithe, an Lárionad um Staidéar ar an Daonlathas) agus *Co-fondator, Observatorul Român al Sărăciei Energetice* (Comhbhunaitheoir, Faireachlann na Rómáine um an mBochtaineacht Fuinnimh), lena ceapadh mar chomhalta de CESE ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

3. Faoi Airteagal 302 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí CESE tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

1 7754/23.
2 12974/23.

4. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an ainmniúchán an 21 Meán Fómhair 2023 agus thug sé tuairim fhabhrach uaidh an 27 Deireadh Fómhair 2023[3].

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 14491/1/23 REV 1 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] C(2023) 7128.